



**Cairt
Choiste Iniúchóireachta
an Gharda Síochána**

Cairt Choiste Iniúcháireachta an Gharda Síochána

1. Réamhrá

1.1 Leagtar síos sa doiciméad seo Cairt agus téarmaí tagartha an Choiste Iniúcháireachta, mar a comhaontaíodh idir Coimisinéir an Gharda Síochána, mar Oifigeach Cuntasaíochta, agus Coiste Iniúcháireachta an Gharda Síochána.

1.2 Déanfaidh Coiste Iniúcháireachta an Gharda Síochána athbhreithniú bliantúil ar an gCairt i gcomhairle le Coimisinéir an Gharda Síochána.

2.0 Ceapachán Choimisinéir an Gharda Síochána mar Oifigeach Cuntasaíochta

2.1 Is é Coimisinéir an Gharda Síochána an t-oifigeach cuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa an Gharda Síochána chun críocha na nAchtanna um an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 1866 go 1998 agus Alt 43 (1), d'Acht an Gharda Síochána, 2005.

3. Bunú Choiste Iniúcháireachta an Gharda Síochána

3.1 Bunófar an Coiste Iniúcháireachta don Gharda Síochána agus déanfar é a chothabháil de réir Alt 44 d'Acht an Gharda Síochána, 2005.

4. Ról Choiste Iniúcháireachta an Gharda Síochána

4.1 Is é an ról atá ag Coiste Iniúcháireachta an Gharda Síochána ná comhairle a chur ar Choimisinéir an Gharda Síochána ar shaincheistanna airgeadais agus rialachais¹, lena n-áirítear rialuithe airgeadais agus bainistíocht riosca, a bhaineann lena fheidhm nó lena feidhm agus i measc na ndualgas, mar atá leagtha síos in Alt 45 d'Acht an Gharda Síochána, 2005, tugann sé comhairle ar na nithe seo a leanas:

- cur i bhfeidhm ceart threoirlínte an Rialtais maidir le rialachas agus saincheistanna airgeadais.

- alt 22 den Acht Exchequer and Audit Departments Act 1866, alt 19 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 agus aon oibleagáidí eile a fhorchuirtear le dlí agus a bhaineann le cúrsaí airgeadais a chomhlíonadh
- iomchuibheas, éifeachtúlacht agus éifeachtacht nósanna imeachta an Gharda Síochána maidir leis na nithe seo a leanas:
 - soláthar poiblí
 - cead a lorg i leith caiteachais agus déanamh de réir an cheada sin
 - sócmhainní a fháil, a choimeád agus a dhiúscairt
 - bainistíocht riosca
 - tuairisciú airgeadais, agus
 - iniúchtaí inmheánacha.

4.2 Beidh ról ag an gCoiste Iniúcháireachta freisin ó thaobh dea-chleachtas cuntasafóichta a chur chun cinn, agus cinnteoireacht fheabhsaithe agus níos eolasaí agus leanfar ag díriú ar rialtacht, cuibheas agus luach ar airgead ar fud an Gharda Síochána. Déanfaidh an Coiste Iniúcháireachta monatóireacht ar aon eisceachtaí maidir le cuntasafóicht ghinearálta nó prionsabail rialachais a thagann faoina bhráid.

4.3 An tAonad Iniúchta Inmheánaigh

Áireofar le ról an Choiste Iniúcháireachta, mar chuid den athbhreithniú córasach ar an timpeallacht rialaithe agus ar nósanna imeachta rialachais laistigh den Gharda Síochána, ar mhaoirsiú a dhéanamh agus comhairle a thabhairt ar nithe a bhaineann le feidhmiú agus le forbairt na feidhme iniúchta inmheánaí, agus tuairisc a thabhairt do Choimisinéir an Gharda Síochána maidir le feidhmiú agus forbairt na feidhme sin. Dá réir sin, iarrfar ar an gCoiste Iniúcháireachta:

- Tacaíocht a thabhairt do neamhspleáchas Aonad Iniúchta Inmheánaigh an Gharda Síochána.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar dhréacht-Phlean Iniúchta Inmheánaigh bliantúil an Gharda Síochána.
- Monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Phlean ar feadh na bliana.

- Athbhreithniú a dhéanamh ar na torthaí suntasacha agus ar mholtaí Aonad Iniúchta Inmheánaigh an Gharda Síochána agus monatóireacht a dhéanamh ar an ngníomh a ghlacann an bhainistíocht chun réiteach a fháil ar aon saincheistanna a aithníodh.
- Machnamh a dhéanamh ar thuarascáil ón Iniúchadh Inmheánach maidir le himpleachtaí a gcuid torthaí, ar thuairimí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus ar thuarascálacha ábhartha eile de chuid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.
- Tuarascálacha speisialta a iarraidh ón Iniúchadh Inmheánach de réir mar is cuí.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha de réir mar is cuí agus ar thorthaí suntasacha an Aonaid um Chaighdeán Ghairmiúla an Gharda Síochánaⁱⁱ i gcás ina raibh comhpháirteachas poiblí idir an tAonad um Chaighdeán Ghairmiúla an Gharda Síochána agus Rannóg Iniúchta Inmheánaigh an Gharda Síochána.
- Déanfaidh sé athbhreithniú ar rioscaí arna n-aithint ag an bhFoireann Bainistíochta Riosca agus déanfaidh athbhreithniú ar na próisis bainistíochta riosca.ⁱⁱⁱ
- Comhairle agus moltaí a thabhairt do Choimisinéir na nGarda ar aon ábhar a bhaineann le feidhm an Iniúchta Inmheánaigh laistigh den Gharda Síochána is dóigh leis an gCoiste atá riachtanach nó iomchuí, lena n-áirítear a éifeachtacht foriomlán, comhlíonadh le caighdeáin iniúchta inmheánaigh, an eagraíocht, acmhainní, oiliúint, úsáid na teicneolaíochta srl.

4.4 Tuairisciú Airgeadais

Déanfaidh an Coiste Iniúcháireachta athbhreithniú agus ceisteoidh sé, nuair is gá, gníomhartha agus breithiúnais lucht bainistíochta an Gharda Síochána maidir leis na Cuntais Leithghabhála agus aon ráitis airgeadais gaolmhara, sula gcuirtear isteach chuig Coimisinéir an Gharda Síochána, mar Oifigeach Cuntasafóchta, iad agus sula gceadaíonn sí iad.

Is cóir aird faoi leith a thabhairt ar:

- Dianbheartais agus cleachtais chuntasafóchta agus aon athruithe ar na beartais sin;
- Cinntí óna dteastaíonn breithiúnas mór;
- A mhéid is a bhíonn tionchar ag aon idirbhearta neamhghnácha sa bhliain ar na Cuntais Leithghabhála agus conas a nochtar iad;

- Riosca calaoise agus leordhóthanacht na mbeartas frithchalaoise;
- Soiléire nochta;
- Comhlíonadh le caighdeáin agus le cleachtais iniúchta agus cuntasáíochta inmheánaí;
- Comhlíonadh le ceanglais eile dlí;
- Aon ábhair eile arna n-iarraidh ag Coimisinéir an Gharda Síochána.

4.5 Ról Comhairleach

Níl an Coiste Iniúcháireachta freagrach as aon ghnó feidhmiúcháin agus níl sé dílsithe le haon chumhachtaí feidhmiúcháin ach beidh ról comhairleach aige maidir lena chuid dualgais agus feidhmeanna.

5. Neamhspleáchas

5.1. Beidh an Coiste Iniúcháireachta neamhspleách i bhfeidhmiú a chuid dualgais agus freagrachtaí agus ní dhéanfaidh aon pháirtí eile é a threorú nó a smachtú i gcomhlíonadh a chuid dualgais.

6. Ballraíocht ar Choiste Iniúcháireachta an Gharda Síochána

6.1. Comhaltaí an Choiste Iniúcháireachta^{iv}

Beidh aon duine acu seo a leanas ar an gCoiste Iniúcháireachta, agus iad go léir arna gceapadh ag an Údarás Póilíneachta:

- Leas-Choimisinéir an Gharda nó Príomhoifigeach Riaracháin^v; agus
- nach lú ná ceathrar daoine eile a bhfuil na scileanna agus an taithí ábhartha acu agus nach comhalta é/i, agus nach comhalta a bhí riamh ann/inti den Gharda Síochána ('comhaltaí seachtracha').

6.2. Déanfaidh an tÚdarás Póilíneachta duine de na daoine seachtracha arna gceapadh chuig an gCoiste a ainmniú mar chathaoirleach ar an gCoiste Iniúcháireachta. Beidh córam ann ina gcuimseofar triúr comhaltaí agus, in éagmais an chathaoirligh as cruinniú den

Choiste, roghnófar cathaoirleach gníomhach as na comhaltaí seachtracha a bheidh i láthair.

- 6.3. Feidhmeoidh an Coiste de ghnáth ar bhonn comhthola. I gcás ina mbíonn vóta ag teastáil ar aon ní, glacfaidh tromlach simplí de na comhaltaí go léir a bheidh i láthair, lena n-áirítear an cathaoirleach, an tairiscint le cathaoirleach an chruinnithe a mbeidh vóta réitigh aige/aici i gcás comhscóir.

6.4 Rúnaí an Choiste Iniúcháireachta

Cinntoidh Coimisinéir an Gharda Síochána go dtugtar na hacmhainní rúnaíochta agus acmhainní riachtanacha go léir don Choiste Iniúcháireachta a chuirfidh ar a chumas a chuid feidhmeanna a chur i gcrích.

Cuirfidh Coimisinéir an Gharda Síochána oifigeach ar fáil a bheidh ina Rúnaí ar an gCoiste. Tionólfaidh an Rúnaí cruinnithe agus coinneoidh sé miontuairiscí agus scaipfidh sé iad.

6.5 Slánaíocht

Tá gach comhalta seachtrach den Choiste Iniúcháireachta slánaithe leis seo ag Coimisinéir an Gharda Síochána de réir na gcoinníollacha atá leagtha síos san aguisín a ghabhann le Tuarascáil Chomhairle Ghinearálta 1357 na Státseirbhíse^{vi}, i gcoinne dlíteanas a d'fhéadfadh teacht chun cinn óna bhallraíocht/ballraíocht ar an gCoiste Iniúcháireachta.

7. Tionacht Chomhaltaí Choiste Iniúcháireachta an Gharda Síochána

- 7.1 Beidh comhaltaí an Choiste Iniúcháireachta i seilbh oifige ar feadh tréimhse a chinnfidh an tÚdarás Póilíneachta, ach féadfaidh comhalta éirí as an gCoiste trí litir a bheidh dírithe ar an Údarás Póilíneachta, nó féadfaidh an tÚdarás Póilíneachta iad a chur as oifig tráth ar bith ar chúiseanna luaite.

- 7.2 Beidh comhaltaí an Choiste Iniúcháireachta i seilbh oifige ar cibé téarmaí agus coinníollacha eile a chinnfidh an tÚdarás Póilíneachta agus an tAire Airgeadais.

8.0 Cruinnithe de Choiste Iniúcháireachta an Gharda Síochána

8.1 Minicíocht

Buailfidh an Coiste Iniúcháireachta le chéile de réir mar is gá, a chinnfidh sé faoina lánrogha féin, ach nach lú ná ceithre huaire in aghaidh na bliana.

8.2 Clár Oibre

Is é Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta a chuirfidh bailchríoch ar an gclár oibre agus tabharfaidh sé don Rúnaí é a scaipfidh é ar chomhaltaí eile an Choiste Iniúcháireachta (agus freastalaithe eile, de réir mar is cuí) cúig lá oibre roimh gach cruinniú.

8.3 Freastal

Ní bheidh aon duine seachas comhaltaí an Choiste Iniúcháireachta i dteideal freastal ar chruinnithe den Choiste Iniúcháireachta. Féadfaidh an Coiste Iniúcháireachta cuireadh a thabhairt do dhuine a bhfuil freagracht air/uirthi laistigh den Gharda Síochána as iniúchtaí inmheánacha nó as aon chúrsaí airgeadais nó aon duine eile is cuí leis freastal ar chruinnithe sonracha. Beifear ag súil go bhfreastalóidh gach comhalta den Choiste Iniúcháireachta, aon uair is féidir leo, ar a chuid cruinnithe cibé trí fhreastal go fisiciúil, trí fhíschomhdháil nó trí nasc teiléafóin a mhéid is go gceadóidh sé sin malartú beo tuairimí ó chomhaltaí an Choiste Iniúcháireachta.

- 8.4 De ghnáth tabharfar cuireadh do Cheann an Iniúchta Inmheánaigh agus don Stiúrthóir Feidhmiúcháin Airgeadais agus Seirbhísí, freastal ar chruinnithe, agus freastalóidh oifigigh eile ón nGarda Síochána de réir mar is gá ó am go ham.

8.5 Féadfar cuireadh a thabhairt d'ionadaí de chuid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste freastal ar aon chruinniú den Choiste Iniúchóireachta, má mheasann an Coiste Iniúchóireachta go bhfuil gá leis sin, agus tabharfar cuireadh dó/di uair sa bhliain ar a laghad.

8.6 Féadfaidh an Coiste Iniúchóireachta, i ndiaidh comhaontú a dhéanamh le Choimisinéir an Gharda Síochána, comhairle dlí ón taobh amuigh nó comhairle ghairmiúil neamhspleách eile a fháil agus iarraidh ar dhaoine ón taobh amuigh a bhfuil an saineoals agus an taithí ábhartha acu freastal ar chruinnithe den Choiste má mheasann sé go bhfuil gá leis sin.

9. Rochtain

9.1. Beidh ceart rochtana ag Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta nó ag aon chomhalta, ag gníomhú le húdarás an Chathaoirligh, ar Choimisinéir an Gharda Síochána agus, le comhaontú an Choimisinéara, beidh ceart rochtana aige/aici freisin ar aon phearsanra sinsearach den Gharda Síochána.

9.2 Beidh ceart rochtana ag Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta, agus ag aon chomhalta, ag gníomhú le húdarás an Chathaoirligh, ar Cheann an Iniúchta Inmheánaigh maidir le haon ábhar a bhaineann le gnó an Choiste Iniúchóireachta.

10.0 Tuairisciú

10.1 Déanfar dréacht-miontuairiscí ó chruinnithe an Choiste Iniúchóireachta a scaipeadh chomh luath agus is féidir tar éis gach cruinniú agus, nuair a cheadaíonn an Coiste Iniúchóireachta é, scaipfear iad ar an gCoiste Iniúchóireachta agus ar Choimisinéir an Gharda Síochána agus cuirfear ar fáil iad don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

10.2 Tabharfaidh an Coiste Iniúchóireachta eolas do Choimisinéir an Gharda Síochána maidir le haon easnaimh mhóra sna timpeallachtaí rialaithe agus comhlíonadh gnó agus/nó bainistíochta riosca a thagann faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta agus a bhfuil inní air fúthu.

10.3 Tabharfaidh an Coiste Iniúcháireachta tuarascáil i scríbhinn uair sa bhliain ar a laghad do Choimisinéir an Gharda Síochána maidir leis na nithe sin agus ar a chuid gníomhaíochtaí an bhliain roimhe sin.

10.4 Tabharfaidh an Coiste Iniúcháireachta cóip de gach tuarascáil do Choimisinéir an Gharda Síochána agus don Udarás Póilíneacht agus don Aire Dlí agus Cirt.

11.0 Feidhmeanna Choimisinéir an Gharda Síochána (Oifigeach Cuntasaíochta) maidir leis an gCoiste Iniúcháireachta

11.1 Cinnteoidh Coimisinéir an Gharda Síochána go dtugtar tuarascálacha iniúchta, pleananna iniúchta agus tuarascálacha míosúla go léir ar chaiteachas don Choiste Iniúcháireachta.

11.2 Tabharfaidh Coimisinéir an Gharda Síochána tuairisc don Choiste Iniúcháireachta a luaithis is indéanta i gcás ina bhfuil cúis aici amhras a bheith uirthi gur tharla aon mí-leithghabháil ábhartha ar an airgead dá bhfuil sí ina hoifigeach cuntasaíochta, nó aon tiontú calaoise nó mífheidhmiú ar mhaoin an Gharda Síochána.

11.3 Cinnteoidh Coimisinéir an Gharda Síochána go dtugtar don Choiste Iniúcháireachta, ar iarraidh dó, sonraí maidir le haon ábhar airgeadais nó nós imeachta atá riachtanach chun a chuid feidhmeanna a chur i gcrích, lena n-áirítear sonraí a bhaineann le:

- aon chonradh atá sé i gceist ag Coimisinéir an Gharda Síochána a dhéanamh agus lena mbaineann caiteachas ar mó é ná suim a bheidh sonraithe ag an gCoiste Iniúcháireachta, agus
- aon chaingean dlí i gcoinne Choimisinéir an Gharda Síochána as a bhféadfadh dliteanas airgeadais éirí.

11.4 Ní ghéillfidh Coimisinéir an Gharda Síochána d'iarratas ar shonraí ón gCoiste Iniúcháireachta (mír 11.3) maidir le conarthaí agus caingne dlí i gcás ina measann sé/sí go bhféadfadh forálacha na sonraí atá iarrtha dochar a dhéanamh do shlándáil an Stáit nó daoine a chur i mbaoil.

11.5 I gcás ina ndiúltaíonn Coimisinéir an Gharda Síochána d'iarratas ar shonraí ón gCoiste Iniúcháireachta, deimhneoidh sí na forais atá aici lena dhéanamh i ráiteas chuig an gCoiste Iniúcháireachta.

12.0 Srian ar Fheidhmeanna Choiste Iniúcháireachta an Gharda Síochána

12.1 Beidh sé de cheart ag Coimisinéir an Gharda Síochána (Oifigeach Cuntasaíochta) srian a chur ar rochtain Choiste Iniúcháireachta an Gharda Síochána ar thaifid nó ar chomhaid nuair atá an gníomh sin ag teastáil ar mhaithe le slándáil an Stáit a chothabháil nó chun saol daoine a chosaint.

Chun teacht roimh srian den sórt sin, tá sé aontaithe ag Coimisinéir an Gharda Síochána agus ag an gCoiste Iniúcháireachta, i gcleachtas, nach mbeidh aon rochtain ag comhaltai seachtracha an Choiste Iniúcháireachta ar nithe a bhaineann le slándáil an Stáit nó ar aon sonraí a bhaineann leis an gclár Tearmann Finné.


12.2 Beidh aird ag Coiste Iniúcháireachta an Gharda Síochána ar na srianta arna gcur ar Choimisinéir an Gharda Síochána mar Oifigeach Cuntasaíochta faoi Alt 43 (3) d'Acht an Gharda Síochána, 2005.

12.3 Ní bheidh ról ag an gCoiste Iniúcháireachta sa phróiseas iniúchta mionsonraithe nó lena ainm a chur le tuarascálacha iniúchta nó le faomhadh deiridh ráitis airgeadais bhliantúla Choimisinéir an Gharda Síochána, mar Oifigeach Cuntasaíochta.



Nóirín O Sullivan
Coimisinéir
an Gharda Síochána

Dáta:



Michael Howard
Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta

Dáta:

ⁱ Na Caighdeáin Rialachais Chorpáraidigh don Státseirbhís (lena n-áirítear An Garda Síochána mar Shealbhóir Vóta); leagann an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (Samhain 2015) síos na Prionsabail Rialachais seo a leanas;

Prionsabail Rialachais

1. Tacaíonn dea-rialachas le cultúr agus éiteas trína gcinntítear iompar le hionracas, tiomantas láidir do luachanna éiticiúla, agus urraim don riail an dlí.
2. Cuidíonn dea-rialachas chun tosaíochtaí agus torthaí a shainiú i dtéarmaí na sochar eacnamaíoch inbhuanaithe don tsochaí agus d'fhonn na beartaí agus na hidirghabhálacha is gá a chinneadh chun baint amach na dtosaíochtaí agus na dtorthaí sin a bharrfheabhsú. Ciallaíonn sé go gcuirtear dea-chleachtais i bhfeidhm maidir le trédhearcacht, tuairisciú, cumarsáid, iniúchadh agus grinnscrúdú d'fhonn cuntasacht éifeachtach a bhaint amach.
3. Ciallaíonn dea-rialachas acmhainn na Roinne a fhorbairt, lena n-áirítear acmhainn na foirne ceannaireachta, na bainistíochta agus na foirne.
4. Ciallaíonn dea-rialachas rioscaí agus feidhmíocht a bhainistiú trí chórais láidre de rialuithe inmheánaigh agus cleachtais bainistíochta feidhmíochta atá éifeachtach.
5. Cinntítear oscailteacht, próisis chomhairliúcháin phoiblí éifeachtacha agus rannpháirtíocht chuimsitheach le páirtithe leasmhara intire agus idirnáisiúnta le dea-rialachas.

Leagtar síos iad seo a leanas sa Chaighdeán maidir le Coiste Iniúcháireachta Inmheánaí agus Coistí Iniúcháireachta;

Mar thaca don Phrionsabal seo, ba cheart do Ranna na croí-ghnéithe seo a leanas a áireamh ina gCreat Rialachais:

Socrúithe Iniúcháireachta agus Dearbhaithe; agus Creat Comhlíontachta

Cuirtear an Coiste Iniúcháireachta i lár an Chreata Dearbhaithe sa chaighdeán.

ⁱⁱ Foráiltear in Alt 24 d'Acht an Gharda Síochána 2005 mar seo a leanas maidir leis an Aonad um Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda Síochána;

24.– (1) A luaithe is indéanta tar éis thosach feidhme an ailt seo, bunóidh Coimisinéir an Gharda Síochána Aonad um Chaighdeáin Ghairmiúla, arna rith ag oifigeach nach mbeidh faoi aicme Ard-Cheannfoirt, d'fhonn –

- (a) inscrúdú agus athbhreithniú, arna threorú ag an gCoimisinéir, a dhéanamh ar fheidhmíocht oibríochta, riaracháin agus bainistíochta an Gharda Síochána ar gach leibhéal,
- (b) bearta a mholadh don Choimisinéir chun an fheidhmíocht sin a fheabhsú, agus
- (c) na caighdeáin chleachtais is airde a chur chun cinn, arna dtomhas trí thagairt do na caighdeáin is fearr de sheirbhísí póilíneachta inchomparáide, i nithe oibríochta, riaracháin agus bainistíochta a bhaineann leis an nGarda Síochána.

(2) Tráth nach déanaí ná an 31 Márta gach bliain, cuirfidh Coimisinéir an Gharda Síochána tuarascáil faoi bhráid an Aire maidir le gníomhaíochtaí an Aonaid um Chaighdeáin Ghairmiúla an bhliain roimhe sin. (Ní aistriúchán oifigiúil é seo)

ⁱⁱⁱ Treoir maidir le Bainistíocht Riosca do Ranna agus d'Oifigí Rialtais; an Roinn Airgeadais (2004):

3.3.1. Ba cheart do Choistí Iniúcháireachta a bheith freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar na próisis atá ann chun riosca a bhainistiú sa Roinn agus na próisis sin a chomhaontú. Ba cheart go mbeadh mír buan ar an gclár oibre ag an gCoiste Iniúcháireachta ag a chuid cruinnithe agus ba cheart go bhfaigheadh sé aiseolas ó Cheann an Iniúchta Inmheánaigh agus ó lucht bainistíochta na Roinne maidir leis an bpróiseas bainistíochta riosca a chur i bhfeidhm agus a fheidhmiú. Ba cheart go n-áireofaí le haiseolas den sórt sin na cúig phríomhréimse a bhaineann le rioscaí a aithint, a mheasúnú, athbhreithniú maolaithe agus tuairisciú.

^{iv} Dá bhforáiltear in Alt 44 d'Acht an Gharda Síochána 2005

^v Dá bhforáiltear in Alt 43 (a) den Acht um Cheartas Coiriúil 2007.

^{vi} Aguisín 7 - Aguisín a ghabhann le Tuarascáil Uimh. 1357 na Comhairle Ginearálta maidir le Slánaíocht Aguisín a ghabhann le Tuarascáil Uimh. 1357 na Comhairle Ginearálta – Slánaíocht

1. Déanfar státseirbhíseach a shlánú i gcoinne aon chostais dlí réasúnacha is gá dó/di a thabhtú agus i gcoinne aon damáistí agus/nó costais a bhronntar ina choinne/coinne i gcás imeachtaí sibhialta a thógfar ina choinne/coinne ag éirí as an tsli a gcuireann sé/sí a chuid nó a cuid dualgais i gcrích, ar an gcoinníoll go bhfaightear amach in imscrúdú ar na imthosca go léir (lena n-áirítear toradh imeachtaí den sórt sin) gur ghníomhaigh sé/sí bona fide i gcomhlíonadh a chuid/cuid dualgais agus nár ghníomhaigh sé/sí trí mhórfhaillí nó trí mhórfhaillí ar a chuid/cuid dualgais.

2. Tá an tslánaíocht sin faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas :-

- a) ní mór don oifigeach lena mbaineann a Roinn a chur ar an eolas láithreach má fhaigheann sé/sí aon éileamh, agus
- b) i gcásanna iomchuí, gníomhóidh an Phríomh-Aturnae Stáit don státseirbhíseach. I gcás ina bhfuil Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit ag gníomhú mar sin, beidh lánrogha ag an Oifig sin, más gá tar éis dul i gcomhairle leis an Ard-Aighne, maidir leis an gcaoi a dtéitear i ngleic leis na himeachtaí lena n-áirítear, má mheasann sé gurb é an gníomh is stuama é, an ceart aon chásanna a thagann chun cinn roimh aon imeachtaí Cúirte nó le linn aon imeachtaí Cúirte a shocrú. I gcás ina gcinntear nach bhfuil sé iomchuí d'Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit gníomhú, ach go sásaíonn an t-oifigeach na coinníollacha dá dtagraítear i mír (1) thuas, déanfar na costais dlí réasúnacha ba ghá dó/di a thabhtú agus treoir a thabhairt aige/aici dá aturnae féin, a aisioc i suim is dóigh leis an Aire Airgeadais, tar éis dul i gcomhairle leis an Ard-Aighne, a bheith réasúnta. (Chun na críocha sin tabharfaidh an tOifigeach treoir dá aturnae/haturnae faisnéise dá leithéid a thabhairt don Phríomh-Aturnae Stáit a cheanglaíonn an tArd-Aighne ar mhaithe leis na costais dlí a ríomh).